Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9585/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0140(NLE)**

**ECOFIN 631**
**UEM 180**
**FIN 593**
***EIB***
***ECB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear an Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear an Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

**1** IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don Chipir an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 17 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 28 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021')[2]. Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle an 28 Iúil 2021 le cinntí cur chun feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023[3], an 16 Iúil 2024[4] agus an 21 Eanáir 2025[5].

(2) An 26 Márta 2025 rinne an Chipir iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an gCipir.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Chipir isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 87 mbeart.

---

**2** Féach doiciméid ST 10686/21 agus ST 10686/21ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

**3** Féach doiciméid ST 15571/23, ST 15571/23 ADD 1 agus ST 15571/23 ADD 1 COR 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

**4** Féach doiciméid ST 11806/24 agus ST 11806/24 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

**5** Féach doiciméid ST 17052/24 agus ST 17052/24 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Mhínigh an Chipir nach féidir dhá bheart a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh toisc go bhfuil méadú tagtha ar chostais mheasta na mbeart sin mar gheall ar bhoilsciú. Baineann sé sin le hInfheistíocht 1 (Áiseanna nua do Bhunaíocht Fola na Cipire agus soláthar an trealaimh is déanaí a ghabhann leis an teicneolaíocht) faoi chomhchuid 1.1 (Córas sláinte athléimneach agus éifeachtach, cosaint shibhialta fheabhsaithe) agus Infheistíocht 11 (Líonra Pointí Glasa na Cipire a fheabhsú agus a leathnú agus líonra Pointí Bailiúcháin agus Cúinní Athchúrsála a chruthú) faoi chomhchuid 3.1 (Samhail nua fáis agus éagsúlú an gheilleagair). Ar an mbonn sin, d'iarr an Chipir na bearta thuasluaite a leasú, agus uaillmhian na mbeart sin á coinneáil an tráth céanna. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(5) Mhínigh an Chipir nach féidir 14 bheart a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, de bharr easpa éilimh. Baineann sé sin leis na bearta seo a leanas: Infheistíocht 2 (Foinsí in- athnuaite fuinnimh agus bearta aonair éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn i dteaghaisí agus dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh, lena n- áirítear i dteaghlaigh ina bhfuil tomhaltóirí leochaileacha leictreachais) faoi chomhchuid 2.1 (Aeráidneodracht, éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite; Infheistíocht 2 Bonneagar leictrea-shoghluaisteachta a chruthú) agus Infheistíocht 3 (Úsáid fhorleathan Feithiclí Leictreacha (EVanna)) a chur chun cinn faoi chomhchuid 2.2 (Iompar inbhuanaithe); Infheistíocht 6 (Scéim chun nuachóiriú agus digiteáil a dhéanamh ar fhiontair atá i mbun táirgí talmhaíochta a mhonarú agus a thrádáil) agus Athchóiriú 4 (Feabhas a chur ar an ngeilleagar ciorclach sa Tionscal) faoi chomhchuid 3.1 (Samhail nua fáis agus éagsúlú an gheilleagair);

Infheistíocht 1 (Lároifig Aistrithe Eolais a bhunú agus a oibriú) faoi chomhchuid 3.2 (Taighde agus Nuálaíocht a Fheabhsú; Infheistíocht 6 Athghiniúint agus Athbheochan Lárchathair na Niocóise), Infheistíocht 9 (Scéim Chabhrach don earnáil phríobháideach agus phoiblí le haghaidh deimhniú le ISO 37001 (Frithbhreabaireacht)) faoi chomhchuid 3.4 (Údaráis phoiblí agus áitiúla a nuachóiriú, an ceartas a dhéanamh níos éifeachtúla agus an t- éilliú a chomhrac); Athchóiriú 3 (Leathnú de réir a chéile ar oideachas réamh- bhunscoile éigeantach saor in aisce ó 4 bliana d'aois) faoi chomhchuid 5.1 (Nuachóiriú an chórais oideachais, uas- sciliú agus athoiliúint); Infheistíocht 1 (Éifeachtacht na Roinne Saothair agus Seirbhísí Poiblí Fostaíochta a fheabhsú agus tacaíocht do dhaoine óga a threisiú), Infheistíocht 2 (Ionaid ilfheidhmeacha agus ionaid cúraim leanaí a bhunú) agus Infheistíocht 3 (Struchtúir bhaile a bhunú do leanaí, do dhéagóirí a bhfuil neamhoird iompair orthu agus do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil cúram fadtéarmach de dhíth orthu ) faoi chomhchuid 5.2 (An margadh saothair, cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta) agus Infheistíocht 2 (Beart méadaithe: Úsáid foinsí in- athnuaite fuinnimh agus coigilteas fuinnimh ag údaráis phoiblí áitiúla/níos leithne a spreagadh) agus Infheistíocht 4 (Beart méadaithe: Úsáid fhorleathan Feithiclí Leictreacha (EVanna) a chur chun cinn), faoi chomhchuid 6.1 REPowerEU. Ar an mbonn sin, d'iarr an Chipir ceanglais áirithe de na bearta thuasluaite a leasú agus beart méadaithe Infheistíochta 4 a bhaint go hiomlán: Úsáid fhorleathan Feithiclí Leictreacha (EVanna)) a chur chun cinn, faoi chomhchuid 6.1 (REPowerEU). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(6) Mhínigh an Chipir go ndearnadh 14 bheart a leasú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme ar mhaithe le huaillmhian bhunaidh na mbeart sin a bhaint amach. Baineann sé sin leis na bearta seo a leanas: Infheistíocht 5 (Ospidéil Stáit na Cipire a fheabhsú, a nuachóiriú agus a uasghrádú) agus Infheistíocht 6 (Ríomhsheirbhísí sláinte cineálacha trasteorann a chur in úsáid sa Chipir) faoi chomhchuid 1.1 (Córas sláinte athléimneach agus éifeachtach, cosaint shibhialta fheabhsaithe); Infheistíocht 2 (Gléasraí Cóireála Uisce: uasghrádú chun cáilíocht an uisce a fheabhsú), Infheistíocht 5 (Bearta friththuilte agus bailithe uisce) agus Infheistíocht 6 (Slándáil uisce a fheabhsú do réigiúin na Niocóise agus Larnaca) faoi chomhchuid 2.3 (Bainistiú cliste agus inbhuanaithe uisce); Infheistíocht 8 (Breisluach na hearnála turasóireachta a fheabhsú ) agus Infheistíocht 10 (Saibhriú an táirge turasóireachta i gceantair thuaithe, shléibhtiúla agus iargúlta) faoi chomhchuid 3.1 (Samhail nua fáis agus éagsúlú an gheilleagair); Athchóiriú 9 (Claochlú digiteach na gcúirteanna) agus Infheistíocht 2 (Digiteáil an phróisis reachtóireachta) faoi chomhchuid 3.4 (Údaráis phoiblí agus áitiúla a nuachóiriú, an ceartas a dhéanamh níos éifeachtúla agus an t-éilliú a chomhrac); Athchóiriú 1 (An creat dlíthiúil maidir le Bainistiú Géarchéime d’Institiúidí Creidmheasa a thabhairt chun críche) agus Athchóiriú 9 (Feabhas a chur ar bhailiú cánach agus ar éifeachtacht na Roinne Cánach) faoi chomhchuid 3.5 (Cobhsaíocht fhioscach agus airgeadais a choimirciú); Athchóiriú 2 (Córas nua meastóireachta múinteoirí agus scoile) faoi chomhchuid 5.1 (Nuachóiriú an chórais oideachais, uas- sciliú agus athoiliúint); Athchóiriú 2 (Socruithe Oibre Solúbtha i bhFoirm Teilea-oibre) faoi chomhchuid 5.2 (An margadh saothair, cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta) agus Infheistíocht 1 (Beart méadaithe: Foinsí in- athnuaite fuinnimh agus bearta aonair éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn i dteaghaisí agus dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh, lena n- áirítear i dteaghlaigh ina bhfuil tomhaltóirí leochaileacha leictreachais) faoi chomhchuid 6.1. (REPowerEU).

Ar an mbonn sin, d'iarr an Chipir ceanglais áirithe de na bearta thuasluaite a leasú nó síneadh a chur le hamlíne cur chun feidhme roinnt de na bearta thuasluaite. Thairis sin, d'iarr an Chipir go ndéanfaí an idirghabháil a bhaineann le scéim deontais do FBManna sa tionscal cóiríochta a bhaint ó Infheistíocht 8 (Breisluach na hearnála turasóireachta a fheabhsú) faoi chomhchuid 3.1 Samhail nua fáis agus éagsúlú an gheilleagair agus, mar mhalairt air sin, fobheart nua a thabhairt isteach a bhaineann le hathchóiriú Lárionad Comhdhála Filoxenia sa Niocóis. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(7) Mhínigh an Chipir go ndearnadh 57 mbeart a leasú chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin, faoi seach, leis na bearta seo a leanas: Athchóiriú 1 (An Lárionad Náisiúnta um Fhianaise Chliniciúil agus um Fheabhsú Cáilíochta), Infheistíocht 2 (Córas Nuálach Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) Sláinte Phoiblí na Cipire), Infheistíocht 4 (Creidiúnú ospidéal poiblí agus príobháideach), agus Infheistíocht 7 (Córas rabhaidh phoiblí chun tacú le hoibríochtaí éigeandála trí SMS) faoi chomhchuid 1.1 (Córas sláinte athléimneach agus éifeachtach, cosaint shibhialta fheabhsaithe); Athchóiriú 1 (Cánachas Comhshaoil), Infheistíocht 1 (Infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh in FBManna agus in eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a chur chun cinn), Infheistíocht 3 (Úsáid foinsí in- athnuaite fuinnimh agus coigilteas fuinnimh ag údaráis phoiblí áitiúla/níos leithne a spreagadh agus aistriú na bpobal áitiúil i dtreo maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin a éascú) agus Infheistíocht 5 (Uasghrádú Éifeachtúlachta Fuinnimh ar fhoirgnimh phoiblí) faoi chomhchuid 2.1 (Aeráidneodracht, éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite);

Athchóiriú 1 (Córas Cliste Iompair a bhunú ina n- úsáidtear teicneolaíochtaí an Leathchúpla Dhigitigh), Athchóiriú 3 (Deireadh a chur de réir a chéile leis na feithiclí is mó truailliú, go háirithe i gceantair uirbeacha thruaillithe) agus Infheistíocht 1 (Tionscadail Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (PSUI) agus bearta feabhsúcháin inrochtaineachta a chur chun feidhme) faoi chomhchuid 2.2 (Iompar inbhuanaithe; Athchóiriú 1 Athchóiriú ar Bhainistiú Acmhainní Uisce), Infheistíocht 1 (Athsholáthar Choirokitia-Famagusta Conveyor), Infheistíocht 3 (Córas Comhtháite Bainistíochta Monatóireachta agus Rialaithe do bhonneagar na Roinne Forbartha Uisce agus Infheistíocht 4 Bainistiú Cliste Líonraí Uisce agus Séarachais) faoi chomhchuid 2.3 (Bainistiú cliste agus inbhuanaithe uisce); Athchóiriú 3 (Feabhas géiniteach ar líon caorach agus gabhar na Cipire), Infheistíocht 2 (Feabhas a chur ar na bunachair sonraí iseatópacha atá ann cheana de bhia/deochanna traidisiúnta áitiúla na Cipire, trí ardán Blocshlabhra a fhorbairt, chun a gcéannacht a chinntiú), Infheistíocht 7 (Scéim chun iomaíochas agus/nó éifeachtúlacht fuinnimh fiontar mór sa Chipir a fheabhsú) agus Infheistíocht 12 (Bainistiú dramhaíola i dtreo an gheilleagair chiorclaigh) faoi chomhchuid 3.1 (Samhail nua fáis agus éagsúlú an gheilleagair); Athchóiriú 1 (Beartas Taighde agus Nuálaíochta cuimsitheach náisiúnta a fhaigheann tacaíocht ó uirlisí beartais sonraíbhunaithe chun tacú leis an Éiceachóras T & N agus chun feabhas a chur ar naisc idir ceapadh beartais agus cur chun feidhme), Athchóiriú 3 (Beartais agus dreasachtaí a thabhairt isteach chun rochtain ar bhonneagar taighde agus ar shaotharlanna a mhaoinítear go poiblí a éascú agus a chothú), Infheistíocht 2 (Cláir mhaoinithe nuálaíochta agus scéimeanna cistiúcháin chun fás agus iomaíochas gnólachtaí nuathionscanta, cuideachtaí nuálacha agus FBManna a fheabhsú), Infheistíocht 3 (Clár cistiúcháin T&F maidir leis an aistriú glas) agus Infheistíocht 4 (Scéimeanna cistiúcháin chun tacú le heagraíochtaí a dhéanann gníomhaíochtaí T & N ar dhétheicneolaíochtaí, lena n-áirítear saotharlanna nua a chruthú nó saotharlanna atá ann cheana a uasghrádú agus saotharlanna rúnaicmithe a fhorbairt) faoi chomhchuid 3.2 (Taighde agus Nuálaíocht Fheabhsaithe);

Athchóiriú 2 (Sásra Mearghníomhachtaithe Gnó a Fheabhsú), Athchóiriú 3 (Nuachóiriú ar Dhlí na gCuideachtaí) agus Infheistíocht 1 (Córas Faisnéise Comhtháite do Roinn Chláraitheoir na gCuideachtaí agus na Maoine Intleachtúla) faoi chomhchuid 3.3 (Tacaíocht ghnó don iomaíochas); Athchóiriú 1 (Acmhainneacht riaracháin a fheabhsú agus feidhmiú an riaracháin phoiblí a fheabhsú ar mhaithe le beartais a cheapadh agus a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr), Athchóiriú 4 (Acmhainneacht riaracháin agus trédhearcacht a neartú trí sholáthar poiblí a ghairmiúlú agus a phróiseas a dhigiteáil a thuilleadh), Athchóiriú 5 (Cumas na hOifige Dlí a fheabhsú), Athchóiriú 6 (Creat dlíthiúil nua d'Údaráis Áitiúla agus bearta tacaíochta ábhartha), Athchóiriú 8 (Éifeachtúlacht an Cheartais agus Infheistíocht 3 Mol Samhaltaithe Beartais Eacnamaíoch) faoi chomhchuid 3.4 (Údaráis phoiblí agus áitiúla a nuachóiriú, an ceartas a dhéanamh níos éifeachtúla agus an t- éilliú a chomhrac); Athchóiriú 3 (Straitéis chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh sa chóras idirbheart maoine (gníomhais teidil)), Athchóiriú 5 (Plean gníomhaíochta chun clár faireacháin dliteanais a fhorbairt), Athchóiriú 6 (An creat dócmhainneachta a threisiú agus a neartú), Athchóiriú 7 (Straitéis chun Neamhlitearthacht Airgeadais a Chomhrac), Athchóiriú 8 (Maoirseacht ar Chistí Árachais agus Pinsin a fheabhsú), Infheistíocht 1 (Feabhas a chur ar Fheidhm Mhaoirseachta Choimisiún Urrús agus Malairte na Cipire) agus Infheistíocht 2 (Nuachóiriú ar an gCóras Custaim agus Íocaíochta Leictreonaí) faoi chomhchuid 3.5 (Cobhsaíocht fhioscach agus airgeadais a choimirciú); Athchóiriú 1 (An tÚdarás Rialála Náisiúnta (OCECPR) a chumhachtú), Athchóiriú 2 (An Oifig Náisiúnta um Inniúlachtaí Leathanbhanda (DEC an DMRIDP) a chumhachtú) agus Infheistíocht 1 (Líonraí Fíor-ardacmhainneachta a leathnú i limistéir nach ndéantar freastal ceart orthu) faoi chomhchuid 4.1 (Bonneagar nascachta a uasghrádú); Athchóirithe 1 (Monarcha na Seirbhísí Digiteacha),

Athchóiriú 2 (Beartas nua néalríomhaireachta a shainiú agus a chur chun feidhme maidir le córais agus seirbhísí TF rialtais), Athchóiriú 3 (Digiteáil Nósanna Imeachta Póilíneachta maidir le ('Digipol')) agus Athchóiriú 4 (Clárlann na húinéireachta tairbhiúla a bhunú) faoi chomhchuid 4.2 (Ríomhrialtas a chur chun cinn); Athchóiriú 1 (Aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseáil scileanna idir an t- oideachas agus an margadh saothair (an Meánoideachas agus an tArdoideachas)), Athchóiriú 4 (Claochlú digiteach na n- aonad scoile d'fhonn scileanna digiteacha agus scileanna a bhaineann le hoideachas ETIM a fheabhsú) agus Athchóiriú 5 (Plean Gníomhaíochta um Ríomhscileanna – Gníomhaíochtaí sonracha a chur chun feidhme) faoi chomhchuid 5.1 (Nuachóiriú, uas- sciliú agus athoiliúint na gcóras oideachais); Athchóiriú 1 (Athchóiriú an Chórais Árachais Shóisialta agus Athstruchtúrú na Seirbhísí Árachais Shóisialta) agus Infheistíochta 4 (Ionaid Leanaí i mBardais) faoi chomhchuid 5.2 (Margadh an tsaothair, cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta); agus Athchóiriú 1 (Rannpháirtíocht Custaiméirí Gníomhacha, Féintomhaltóirí In- athnuaite, Pobail Fuinnimh Saoránach, Pobail Fuinnimh In- athnuaite agus Freagairt Éilimh a rialáil agus a éascú trí Ionadaíocht Charnach sa mhargadh leictreachais), Infheistíocht 3 (Uasghrádú fairsing fuinnimh ar stoc tithíochta a chur chun cinn), Infheistíochta 5 (Beart méadaithe: Scéim chun iomaíochas agus éifeachtúlacht fuinnimh fiontar mór sa Chipir a fheabhsú), Infheistíochta 6 (Beart méadaithe: Clár cistiúcháin téamach um thaighde agus nuálaíocht maidir leis an aistriú glas) agus Infheistíocht 7 (Taighde téamach i bhfiontair le haghaidh réitigh táirgthe, stórála, tarchurtha agus dáilte fuinnimh) faoi chomhchuid 6.1 (REPowerEU). Ar an mbonn sin, d'iarr an Chipir na bearta thuasluaite a leasú, trí cheanglais áirithe maidir lena gclocha míle, a spriocanna nó a dtuairiscí a shoiléiriú nó a bhaint, ar ceanglais iad atá mionsonraithe gan ghá nó a chruthaíonn ualach riaracháin gan údar, gan laghdú a dhéanamh ar uaillmhian na mbeart sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(8) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an gCipir, go bhfuil údar maith leis na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

***Dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna***

(9) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a mhodhnú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an Chipir i láthair a chur san áireamh.

***Measúnú an Choimisiúin***

(10) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

***Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU***

(11) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.12 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, meastar go rannchuideoidh an caibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

(12) Coinneofar ar bun uaillmhian fhoriomlán chaibidil REPowerEU. Bíodh is gur laghdaíodh bearta áirithe de bharr easpa éilimh, méadaíodh bearta eile a rannchuidíonn go héifeachtach agus go mór leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

*Rannchuidiú leis an aistriú glas, lena n- áirítear an bhithéagsúlacht*

(13) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) ó thaobh an aistrithe ghlais de, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 45,5 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe, agus 94 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU, méideanna arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021–2030.

(14) Táthar ag súil le bearta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe go rannchuideofar le spriocanna aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach agus cuspóir aeráidneodrachta an Aontais faoi 2050 á chomhlíonadh an tráth céanna. Tá an measúnú dearfach ar an rannchuidiú leis an aistriú glas a thugtar i gCinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 ón gComhairle fós bailí.

*Rannchuidiú leis an aistriú digiteach*

(15) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) ó thaobh an aistrithe dhigitigh nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá ann 23,2 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, méid arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(16) Tá an measúnú dearfach ar an rannchuidiú leis an aistriú digiteach a thugtar i gCinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 ón gComhairle fós bailí.

*Costáil*

(17) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid chostais iomlána mheasta an phlean, tá an t-údar sin measartha maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(18) De réir na faisnéise a soláthraíodh, sa mheasúnú ar na meastacháin chostais le haghaidh na mbeart atá ann cheana a raibh measúnú costais nua i gceist lena leasú, léirítear go bhfuil formhór na gcostas réasúnta agus inchreidte. Bhí údar leis na hathruithe ar na meastacháin ar chostais i gcás na mbeart leasaithe eile, bhí siad comhréireach leis na spriocanna athbhreithnithe nua agus thacaigh na ríomhanna mionsonraithe agus an fhianaise leo, agus mar sin ní raibh aon athrú ar réasúnaíocht ná sochreidteacht na meastachán costais sin i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh.

*Aon chritéir mheasúnaithe eile*

(19) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Chipir chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (db), (g), (h), (j) and (k) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Measúnú dearfach*

(20) Tar éis don Choimisiún measúnú dearfach a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe leis an gcinneadh go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme, ba cheart iad a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

*Rannchuidiú airgeadais*

(21) Is é EUR 1 220 971 974 chostas iomlána mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Cipire. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Chipir, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna ríomh i gcomhréir le hAirteagail 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 a leithdháiltear ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Cipire a bheith comhionann le EUR 1 020 223 681.

*Iasachtaí*

(22) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Chipir dar luach EUR 200 320 000.

(23) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

*'Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Cipire a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta atá ann faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a bhaineann le híoc na tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha agus na clocha míle agus spriocanna breise a bhaineann le híoc na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na clocha míle agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe maidir le rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Is chuig Poblacht na Cipire a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh in/sa …,

,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*